II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1317 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2022

lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm chaighdeáin 7 agus 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeáin GAEC) le haghaidh na bliana éilimh 2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 148(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar gach limistéar talmhaíochta, lena n-áirítear talamh nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe, i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil agus socróidh siad, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, na híoschaighdeáin d'fheirmeoirí agus tairbhithe eile le haghaidh gach ceann de na caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeán GAEC) a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin i gcomhréir le príomhchuspóir na gcaighdeán dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin. Beidh caighdeáin GAEC infheidhme ón mbliain éilimh 2023 ar aghaidh, cé is moite de GAEC 2 nach bhféadfadh a bheith infheidhme ach amháin ón mbliain éilimh 2024 nó 2025 ar aghaidh, má tá údar cuí leis.

(2) Sa Teachtaireacht uaidh "An tslándáil bia a chosaint agus athléimneacht na gcóras bia a threisiú" ([2]), chuir an Coimisiún i láthair iarmhairtí tromchúiseacha ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an tslándáil bia ar fud an domhain. Spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin borradh mór tobann ar phraghsanna tráchtearraí agus tá tionchar aige ar sholáthar agus éileamh táirgí talmhaíochta ar an leibhéal domhanda. Go háirithe, tá an t-aschur domhanda cruithneachta i mbaol mar gheall ar an turraing soláthair de thoradh sciar na hÚcráine agus na Rúise i margaí cruithneachta agus mar gheall ar an turraing i gcostais táirgthe, go háirithe i gcás gáis nádúrtha, leasacháin nítrigine agus ocsaigine. Tá leibhéal ard éiginnteachtaí ann maidir le staid an tsoláthair bia ar fud an domhain, ar cúis imní é maidir leis an tslándáil bia ar fud an domhain. Chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an staid seo go tráthúil tríd an soláthar bia a choinneáil ar bun, ba cheart acmhainneacht táirgthe bia talmhaíochta an Aontais a choinneáil ar bun, agus ag an céanna inbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach an tsoláthair bia a áirithiú trí leanúint leis an aistriú chuig táirgeadh bia inbhuanaithe mar a leagtar amach sa Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc" agus sa Straitéis Bhithéagsúlachta.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.
([2]) COM(2022) 133 final.

(3) Maidir le caighdeán 7 GAEC "uainíocht na mbarr i dtalamh arúil, ach amháin i gcás barra a fhásann faoi uisce" agus maidir leis an gcéad cheanglas faoi chaighdeán 8 GAEC "an sciar íosta den limistéar talmhaíochta atá dírithe ar réimsí nó gnéithe neamhtháirgiúla", a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, atá infheidhme ón mbliain éilimh 2023 ar aghaidh, tá tionchar acu araon ar úsáid na talún arúla chun críoch táirgthe. Trí bhíthin íoscheanglais a leagan síos maidir leis an éagsúlú le himeacht ama agus thar spás i dtaca le barra éagsúla a fhás, d'fhonn acmhainn na hithreach a chaomhnú agus torthúlacht na hithreach a fheabhsú chun táirgiúlacht fhadtéarmach a áirithiú, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag caighdeán 7 GAEC ar roghanna barr na bhfeirmeoirí. Trína cheangal go mbeidh sciar íosta den limistéar talmhaíochta dírithe ar réimsí nó gnéithe neamhtháirgiúla chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar an bhfeirm is gá le haghaidh éiceachórais shláintiúla agus tháirgiúla, de bhun an chéad cheanglais faoi chaighdeán 8 GAEC, féadfaidh feirmeoirí, sa bhreis ar na gnéithe tírdhreacha a bheith ann, sciar áirithe den talamh arúil a fhágáil bán chun críoch bithéagsúlachta.

(4) I bhfianaise an ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le slándáil bia a bhaineann le gnéithe infhaighteachta agus inacmhainneachta bia ar fud an domhain agus chun acmhainneacht táirgthe bia an Aontais a choinneáil ar bun, agus rannchuidiú á dhéanamh le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ag an am céanna, go háirithe an Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc" agus an Straitéis Bhithéagsúlachta, is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn eisceachtúil, solúbthacht a bheith ag feirmeoirí chun úsáid a bhaint as an talamh arúil atá ar fáil dóibh chun bia a tháirgeadh, agus tionchair dhiúltacha na roghanna sin ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide á maolú ag an am céanna. Dá bhrí sin, ba cheart a údarú do na Ballstáit, i gcás na bliana éilimh 2023, maolú ar chur i bhfeidhm chaighdeán 7 GAEC agus an chéad cheanglais faoi chaighdeán 8 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT. Ós rud é gurb é is aidhm don mhaolú rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le slándáil bia sa ghearrthéarmach, maidir leis an talamh arúil nach mbeadh dírithe ar réimsí neamhtháirgiúla mar thoradh ar an maolú ar an gcéad cheanglas faoi chaighdeán 8 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT, is iomchuí a bhunú nár cheart an talamh sin a úsáid chun arbhar Indiach agus pónairí soighe a fhás, ós rud é nach mbíonn na barra sin ceaptha chun bia a tháirgeadh. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a bhainfidh úsáid as aon cheann de na maoluithe ar chaighdeáin 7 nó 8 GAEC úsáid na mbarr le haghaidh táirgeadh bia a chur chun cinn i gcoitinne, mar aon le húsáid na n-éiciscéimeana agus na mbeart agra-chomhshaoil-aeráide atá clársceidealaithe ina bPleananna Straitéiseacha CBT arb é is cuspóir dóibh feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar an bhfeirm agus acmhainn na hithreach a chaomhnú.

(5) I bhfianaise a thábhachtaí atá caighdeáin 7 agus 8 GAEC réamhluaite do na cuspóirí chun acmhainn na hithreach a chaomhnú agus feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar an bhfeirm mar chuid d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála agus chun acmhainneacht an táirgthe bia a choinneáil ar bun, beidh an maolú teoranta don bhliain éilimh 2023 agus ní dhéanfaidh sé difear do na rialacha sna blianta tar éis 2023 agus ba cheart é a bheith srianta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an tslándáil bia ar fud an domhain. Dá bhrí sin, na trí cheanglas eile faoi chaighdeán 8 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-áirítear an ceanglas maidir le gnéithe tírdhreacha a choinneáil, tá siad fós infheidhme le haghaidh na bliana éilimh 2023 mar chosaint i dtreo phríomhchuspóir an chaighdeáin feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar an bhfeirm.

(6) Maidir leis an bhféidearthacht maolú ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán GAEC sin mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT, tá sí gan dochar don oibleagáid de bhun Airteagal 109(2), pointe (a)(i), de Rialachán (AE) 2021/2115 atá ar na Ballstáit a áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT tuairisc ar chur chun feidhme agus ar eilimintí gaolmhara gach ceann de na caighdeáin GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(7) Ós rud é go bhfuil caighdeáin GAEC mar chuid de choinníollacha bunlíne na n-éiciscéimeana agus na ngealltanas agra-chomhshaoil, na ngealltanas a bhaineann leis an aeráid agus na ngealltanas bainistíochta eile, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le hurraim na bunlíne i gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as na maoluithe chun caighdeán 7 GAEC nó an chéad cheanglas faoi chaighdeán 8 GAEC a chur i bhfeidhm. Chun cobhsaíocht na bPleananna Straitéiseacha CBT a áirithiú agus uaillmhian na n-idirghabhálacha a chosaint, ar cuid iad d'ailtireacht ghlas an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) ó 2023 ar aghaidh, ba cheart an bhunlíne a fhágáil gan athrú gan beann ar chur i bhfeidhm an mhaolaithe. Go háirithe, is iomchuí gur cheart ceanglais bhunlíne chaighdeán 7 GAEC nó an chéad cheanglas faoi chaighdeán 8 GAEC a urramú fós ar mhaithe le tacaíocht a fháil faoi idirghabhálacha i gcás ina n-áirítear nó ina bhforbraítear leis na gealltanais na ceanglais bhunlíne sin.

(8) Tá sé fíor-riachtanach faireachán a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag na maoluithe sin ar an tslándáil bia ar fud an domhain agus ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide, agus ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh agus tuairisciú don Choimisiún maidir le cur chur chun feidhme na maoluithe sin.

(9) Chun a áirithiú go bhfuil na maoluithe a údaraítear leis an Rialachán seo éifeachtach i bhfianaise a gcuspóra, agus ós rud é go ndéanfaidh feirmeoirí a gcinntí síolaithe d'fhómhar 2023 ó shamhradh 2022 ar aghaidh, ba cheart an cinneadh maidir le húsáid na maoluithe a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a gcinntí a dhéanamh agus fógra a thabhairt faoi sin don Choimisiún laistigh de 30 lá ón lá a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin an chórais atá bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([3]). Ba cheart na cinntí a áireamh sna Pleananna Straitéiseacha CBT ar an gcéad deis a bheidh ann, tráth a chuirfear an Plean Straitéiseach CBT isteach arís i gcomhréir le hAirteagal 118(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 nó sa chéad iarraidh ar an bPlean Straitéiseach CBT a leasú i gcomhréir le hAirteagal 119 den Rialachán sin. I bhfianaise an ghá atá ann cur chun feidhme tráthúil a áirithiú, níor cheart na cinntí a bheith faoi réir formheas ón gCoimisiún.

(10) I bhfianaise an ghá atá ann go ndéanfar cinntí na mBallstát in am trátha roimh chinntí síolaithe na bhfeirmeoirí, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cinntí lena ndéantar maolú ar chur i bhfeidhm caighdeán áirithe maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún le haghaidh na bliana éilimh 2023

1. De mhaolú ar Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, i gcás na bliana éilimh 2023, maolú ar chur i bhfeidhm ceann amháin nó dhá cheann de na caighdeáin GAEC seo a leanas a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin mar a shainmhíníonn na Ballstáit iad ina bPleananna Straitéiseacha CBT:

(a) GAEC 7 "uainíocht na mbarr i dtalamh arúil, ach amháin i gcás barra a fhásann faoi uisce";

(b) GAEC 8, an chéad cheanglas "An sciar íosta den limistéar talmhaíochta atá dírithe ar réimsí nó gnéithe neamhtháirgiúla:

— Sciar íosta de 4 % ar a laghad de thalamh arúil ar leibhéal na feirme atá dírithe ar réimsí agus gnéithe neamhtháirgiúla, lena n-áirítear talamh atá gan chur.

— I gcás ina ngeallfaidh feirmeoir 7 % ar a laghad dá thalamh arúil a dhíriú ar limistéir nó gnéithe neamhtháirgiúla, lena n-áirítear talamh atá gan chur, faoi éiciscéim fheabhsaithe i gcomhréir le hAirteagal 31(6), beidh an sciar a shannfar do chomhlíonadh an chaighdeáin GAEC sin teoranta do 3 %.

— Sciar íosta de 7 % ar a laghad de thalamh arúil ar leibhéal na feirme má áirítear leis sin barra breise nó barra fosaithe nítrigine, arna saothrú gan úsáid a bhaint as táirgí cosanta plandaí, ar talamh atá gan chur nó le gnéithe neamhtháirgiúla é 3 % de. Ba cheart do na Ballstáit fachtóir ualaithe 0,3 a úsáid le haghaidh barra breise

Na Ballstáit a bhainfidh úsáid as an maolú dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, áiritheoidh siad nach mbeidh feidhm aige ach amháin maidir le talamh atá gan chur agus nach mbeidh feidhm aige maidir le gnéithe neamhtháirgiúla eile.

Maidir leis an talamh arúil nach mbeidh dírithe ar réimsí neamhtháirgiúla mar thoradh ar an maolú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i bpointe (b), áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfear é chun arbhar Indiach, pónairí soighe ná roschoill ghearruainíochta a fhás.

Na Ballstáit a bhainfidh úsáid as aon cheann de na maoluithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh siad chun cinn saothrú na mbarr le haghaidh táirgeadh bia.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

Na Ballstáit a bhainfidh úsáid as aon cheann de na maoluithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh siad chun cinn na héiciscéimeana agus na bearta agra-chomhshaoil-aeráide atá clársceidealaithe ina bPleananna Straitéiseacha CBT arb é is cuspóir dóibh feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht ar an bhfeirm agus acmhainn na hithreach a chaomhnú.

2. Chun críoch na n-éiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus na ngealltanas agra-chomhshaoil, na ngealltanas a bhaineann leis an aeráid agus na ngealltanas bainistíochta eile dá dtagraítear in Airteagal 70 den Rialachán sin, agus arna mbunú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, i gcás na bliana éilimh 2023, na bunlínte dá dtagraítear in Airteagal 31(5), an chéad fhomhír, pointe (a), agus in Airteagal 70(3), an chéad fhomhír, pointe (a), den Rialachán sin maidir le GAEC 7 agus maidir leis an gcéad cheanglas faoi GAEC 8, ní dhéanfar athrú orthu le cinntí an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 2

Teorainn ama, fógra faoi chinntí agus a gcur i bhfeidhm

1. Laistigh de 30 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, na Ballstáit a chinnfidh na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a úsáid, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na cinntí a dhéanfar de bhun na míre sin trí bhíthin an chórais atá bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185.

2. Áiritheoidh na Ballstáit na cinntí a dhéanfar de bhun Airteagal 1(1) den Rialachán seo i Roinn 3.10 maidir le Coinníollacht agus caighdeán GAEC na bPleananna Straitéiseacha CBT mar chuid d'atíolacadh an Phlean Straitéisigh CBT i gcomhréir le hAirteagal 118(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, nó mar chuid den chéad iarraidh ar an bPlean Straitéiseach CBT a leasú i gcomhréir le hAirteagal 119 den Rialachán sin.

3. Na cinntí a dhéanfar de bhun Airteagal 1(1) den Rialachán seo, ní bheidh siad faoi réir an fhormheasa ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 118(6) nó in Airteagal 119(10), faoi seach, de Rialachán (AE) 2021/2115.

4. Beidh feidhm ag na cinntí a dhéanfar de bhun Airteagal 1(1) maidir leis an mbliain éilimh 2023.

5. Na Ballstáit a bhainfidh úsáid as aon cheann de na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 1(1), áiritheoidh siad sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 a bheidh dlite an 15 Feabhra 2024 measúnú ar na héifeachtaí ar chur i bhfeidhm na maoluithe sin ar an tslándáil bia ar fud an domhain, ar chaomhnú an chomhshaoil agus ar an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN